

TÁSTÁLACHA ANTAIGINE BAILE LE HAGHAIDH COVID-19 Ó FSS



Coróinvíreas
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Tá FSS ag tabhairt tástálacha antaigine baile le haghaidh COVID-19 duit.

Le heolas a fháil faoin tástáil antaigine, téigh chuig [HSE.ie](https://www.hse.ie)

Is féidir leat glao a chur ar an líne chabhrach COVID-19 freisin ar 1800 700 700

Cén chaoi na tástálacha antaigine baile ó FSS a dhéanamh?

Tá leabhrán treoracha sa bhosca, ina bhfaighidh tú faisnéis maidir le cén chaoi do thástálacha antaigine baile a stóráil, a úsáid agus a dhiúscairt go sábháilte. Is féidir leat breathnú ar fhíseán faoi cén chaoi tástáil antaigine bhaile a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin chomh maith – téigh chuig [HSE.ie](https://www.hse.ie) nó déan an cód QR thíos a scanadh.



Seo treoir ghinearálta maidir le tástáil antaigine a dhéanamh:

1. Déan do lámha a ní nó a dhíghalrú.
2. Cuir na rudaí go léir atá sa phacáiste tástála amach ar dhromchla glan.
3. Oscail an feadán réamhlíonta agus cuir sa choinneálaí é.
4. Oscail cumhdach an mhaipín – ná leag méar ach ar hanla an mhaipín; ná leag méar ar an bpillín bog ag an mbarr.
5. Cuir an maipín isteach i do pholl sróine clé go dtí go mbraithfidh tú bac, idir 2cm agus 4cm de ghnáth.
6. Cas an maipín timpeall 5 huaire istigh sa pholl sróine.
7. Úsáid an maipín céanna leis an bpróiseas a dhéanamh arís sa pholl sróine deas.
8. Cuir an maipín isteach san fheadán go dtí go mbeidh an pillín bog faoin leacht.
9. Corraigh an maipín timpeall go ceann thart ar 1 nóiméad lena chinntiú go mbeidh an deis ag an leacht an sampla atá ar an maipín a ionsú.
10. Brúigh barr an fheadáin le dhá mhéar lena dhúnadh agus tarraing an maipín amach tríd an oscailt go deas réidh.
11. Cuir ceann de na caipíní beaga plaisteacha ar bharr an fheadáin.
12. Cuir 4 bhraon den leacht isteach san fheiste thástála.
13. Fan an tréimhse ama atá molta sna treoracha – 15 nóiméad de ghnáth.
14. Beidh an toradh le feiceáil ar an bhfeiste tástála.

Nuair a bheidh tú críochnaithe leis an tástáil antaigine, cuir i mála plaisteach í agus cuir an mála plaisteach i do bhosca bruscair.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Má bhíonn toradh deimhneach ar aon cheann de na tástálacha antaigine baile a fuair tú ó FSS

Téigh chuig HSE.ie lena fháil amach céard is gá duit a dhéanamh má fhaigheann tú toradh deimhneach ar thástáil antaigine.

Is féidir leat toradh do thástála antaigine a thuairisciú ar

www.hse.ie/reportantigenresult chomh maith nó is féidir leat an cód QR thíos a scanadh.



Na difríochtaí idir tástáil le haghaidh COVID-19 sa bhaile agus in ionad tástála de chuid FSS

Tástálacha antaigine sa bhaile:

Tugtar tástálacha antaigine ar na tástálacha atá á dtabhairt duit le déanamh sa bhaile. Is féidir leat na tástálacha seo a dhéanamh ort féin ach na treoracha atá sa bhosca a leanúint. Faightear an toradh taobh istigh de 15 nóiméad ach ní bhíonn tástálacha den sórt seo chomh cruinn céanna le tástálacha PCR.

Tástálacha PCR ag ionad tástála COVID-19 de chuid FSS:

Úsáidtear tástálacha PCR in ionaid tástála COVID-19 de chuid FSS. Glacann ball foirne a bhfuil fios a ghnó aige sampla uait agus tógann sé idir 24 - 48 uair an chloig leis an toradh a fháil. Tógann sé chomh fada sin toisc gur i saotharlann a dhéantar anailís ar an sampla. Bíonn tástálacha den sórt seo níos cruinne ná tástálacha antaigine.

An fhadhb le tástálacha antaigine

Ní bhíonn tástálacha antaigine chomh cruinn céanna le tástálacha PCR. I gcásanna áirithe, ní bhraithfidh siad an víreas.

Sin é an fáth ar chóir duit na tástálacha a dhéanamh le himeacht tréimhse ama.

Le tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig www.hse.ie.

Má bhíonn ceist agat maidir le do thástáil antaigine bhaile, ná bíodh drogall ort glao a chur ar **an líne chabhrach COVID-19 ar 1800 700 700**

Eolas Tábhachtach – Léigh go Cúramach

1. Ní mór na tástálacha faoi iamh a dhéanamh de réir na comhairle ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na dtreoirínte agus na dtreoracha úsáide ón ndéantúsóir. Ní mór do dhuine fásta na tástálacha a dhéanamh orthu siúd atá faoi bhun 13 bliana d'aois. Ní mholtar tástálacha a dhéanamh ar leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois.
2. Ní dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a mhaíomh ná a bharántú go bhfuil ná go mbeidh na tástálacha faoi iamh éifeachtach, ná go mbeidh toradh ar leith orthu.
3. Ní bheidh aon dliteanas i gceist (cibé acu go díreach, go hionadach, go hiarmhartach, go teagmhasach nó go speisialta; cibé acu mar ábhar conartha, torta, nó eile) ar thaobh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná aon duine a bhfuil baint aige le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith úsáid (cibé bealach a n-úsáidfear iad) nó stóráil na dtástálacha. Beidh an séanadh dlíthiúil seo faoi rialú ag dlí na hÉireann agus beidh díospóid ar bith a eascróidh as faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.